NCI
Coláiste Náisiúnta na hÉireann | National College of Ireland

# Tuarascáil Bhliantúil 2023-2024

*Teachtaireacht ó*

## Uachtarán CNÉ

**An tOllamh Gina Quin**

**Bliain shuntasach a bhí againn le bliain anuas san fhás agus forbairt atá ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann i gcónaí, tráth ar cuireadh i gcrích an síneadh leis an gcampas sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta agus a ndearnadh athchóiriú ar an dara foirgneamh atá againn ar an gcampas, i nDuga Spencer. Cuspóir lárnach a bhí againn i bPlean Straitéiseach 2022-2027 an síneadh seo a chur i gcrích go sásúil, foirgneamh ina gcuirtear ar fáil spás breise ardchaighdeáin do mhic léinn agus baill foirne, an-chóngarach dár bhfoirgneamh i gCearnóg an Mhéara.**

Ní bheifí in ann an éacht seo a bhaint amach ach ab é obair chrua agus saineolas na foirne iomláine sa Choláiste, an fhoireann acadúil, Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn agus, go speisialta, TF, Saoráidí, Oibríochtaí Acadúla agus Leabharlann Norma Smurfit. Bhí an chuma ar an scéal gur éirigh le cuid mhaith acu an dá thrá a fhreastal le linn an aistrithe seo, tráth ar chomhlíon siad na héilimh go léir a bhaineann le saol an choláiste i gCearnóg an Mhéara agus, san am céanna, iad ag obair le Duga Spencer a ullmhú agus le lonnú ann!

Tá an dara foirgneamh ar an gcampas, Duga Spencer, ann le freastal go díreach ar mhisean CNÉ 'saol daoine a athrú tríd an oideachas'. Táimid in ann, dá bharr, taithí i bhfad níos fearr a thabhairt do na mic léinn chomh maith le spásanna comhaimseartha teagaisc, staidéir agus sóisialta, agus tá ceanncheathrú anois ag foireann an Tionscnaimh Luathfhoghlama don obair den scoth a dhéanann siad sa phobal. Léiriú dearfach ar an gcomhar tras-rannach in CNÉ é gur éirigh linn an foirgneamh seo a chur in oiriúint le go mbeadh sé ní ba ghlaise agus ní b'inrochtana agus, san am céanna, é a chur i gcrích in am agus de réir a bhuiséid.

Rinneamar dul chun cinn sa bhliain 2023/24 ar chuid mhór de na spriocanna ónár bPlean Straitéiseach, idir thaighde uaillmhianach, nuáil i seirbhísí le go n-éireoidh le mic léinn, uasghráduithe riachtanacha ar chórais, athbhreithniú ar nósanna imeachta mar aon le béim leanúnach ar gach deis agus is féidir dul isteach san Ardoideachas a thabhairt do dhaoine nach bhfaigheadh deis eile dul isteach sa 3ú leibhéal.

**An tOllamh Gina Quin**,
Uachtarán Choláiste Náisiúnta na hÉireann

*Réamhrá ó*

## Chathaoirleach

Bliain an-rathúil do CNÉ a bhí in 2023/24, go háirithe ós rud é gur osclaíodh an dara foirgneamh ar champas CNÉ, Duga Spencer, áis a chuireann go mór le spásanna teagaisc, foghlama agus pobail an Choláiste, gan ann ag siúlóid bheag ón gcéad fhoirgneamh againn i gCearnóg an Mhéara.

## an Bhoird Rialaithe

**Brendan McGinty**

Is mian liom mo bhuíochas a ghlacadh le Grúpa Stiúrtha Dhuga Spencer: an tOllamh Gina Quin, Uachtarán; Donnchadh Ó Madagáin, Stiúrthóir Airgeadais; an tOllamh Jimmy Hill, Leas-Uachtarán; Karen Jones, Cláraitheoir; Bertie Kelly, Bainisteoir Tráchtála agus a bhfoirne as a gcuid iarrachtaí móra agus a gcuid dúthrachta móire leis an dara cuid dár gcampas a bhaint amach i nDuga Spencer.

Tugaim aitheantas don té a chuaigh romham ina ról mar Chathaoirleach, an tAth. Leonard Moloney SJ, as sealbhú seo an Choláiste agus an Bhoird Rialaithe a fhíorú, agus as an anailís agus smaointeoireacht straitéiseach a chur sé i láthair le linn na tréimhse seo den fhairsingiú agus infheistíocht.

Caithfear an fhoireann i gColáiste Náisiúnta na hÉireann a mholadh go hard toisc gur lean gach seirbhís ar aghaidh mar ba ghnáth le linn thréimhse seo an tsínithe. Bhí an fhoireann i dtólamh dírithe ar an tsármhaitheas a bhaint amach san fhoghlaim, sa teagasc agus sa tseirbhís thar a bheith tábhachtach a chuireann an Tionscnamh Luathfhoghlama ar fáil.

Tá CNÉ fós ar thús cadhnaíochta san ardoideachas ó thaobh cáilíochtaí inrochtana tríú leibhéal a sholáthar de. Cuirtear béim ar thaithí an mhic léinn, ar éachtaí mac léinn agus foirne, agus ar thacaíochtaí riachtanacha oideachais a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha sa phobal. Anuas air sin, rinne an Coláiste dul chun cinn ar a chuid oibre taighde; bhain a chuspóirí comhionnanais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta amach; agus chuir tús leis an obair ar a straitéis inbhuanaitheachta le linn na bliana atá díreach thart, obair a chuireann le cáil CNÉ go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Rud ba mhaith liom a lua go speisialta ná an t-aitheantas in 2023 ó basis.point a tugadh don Dr Josephine Bleach, Stiúrthóir an Tionscnaimh Luathfhoghlama in CNÉ. Bronnadh Gradam Paul McNaughton, an chéad uair a bronnadh é, ar Josephine le haitheantas a thabhairt di as a ceannaireacht ar Thionscnamh Luathfhoghlama CNÉ.

Tá ag éirí go maith i gcónaí le CNÉ i dtaca leis na tosaíochtaí lárnacha den Phlean Straitéiseach 5 Bliana, muid ag díriú ar **mhic léinn**, ar a dtaithí foghlama agus éachtaí, ar oiliúint agus deiseanna a chur ar fáil don **fhoireann**, ar áiseanna **teagaisc** den chéad scoth a sholáthar, ar an **taighde** a dhéanamh go huaillmhianach, ar an **inrochtaineacht**, agus ar an gColáiste a **shuí** mar Institiúid Ardoideachais ar leith.

Gabhaim buíochas leis an Uachtarán, an tOllamh Gina Quin, as a ceannaireacht iontach ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann i rith an ama in éineacht le foireann an Choláiste as a ndúthracht agus as a gcuid éachtaí in 2023/2024. Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na comhghleacaithe atá agam ar an mBord Rialaithe as a gcuid tacaíochta, as an méid a dhéanann siad agus as díriú go daingean ar an méid atá inár ráiteas straitéise a bhaint amach i dtimpeallacht ardoideachais spreagrúil a bhíonn de shíor ag athrú.

**Brendan McGinty**
Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe

## SRACFHÉACHAINT AR CHOLÁISTE NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

### 2023/24

**6255**
Mac Léinn Cláraithe



**Lánaimseartha**

**Páirtaimseartha**

**An Scoil Ghnó**
**2987**

**Scoil na Ríomhaireachta**
**2665**

**CELL**
**603**

**228**
Ball Foirne Acadúil Lánaimseartha

**71**
Ball Foirne Riaracháin agus Tacaíochta

**95**
Clár

**123**
Náisiúntacht

Bronnadh Céime Choláiste Náisiúnta na hÉireann san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath

## BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

### Iúil 2023

*Tá obair athchóirithe fós ar bun ar ár bhfoirgneamh i nDuga Spencer*

Eagarfhocal tuairimíochta ag Cathaoirleach nuacheaptha Bhord Rialaithe CNÉ san Irish Independent ag trácht ar fholúntais le tamall anuas i mórchuideachtaí teicneolaíochta.



### Lúnasa 2023

*Líonra Chearnóg an Mhéara á athnuachan ag an bhfoireann TF agus, san am céanna, iad ag obair ar chórais a ailíniú i ngach cuid den champas atá fairsingithe le déanaí.*

Faigheann mic léinn sa bhliain dheireanach den Chleachtas Margaíochta blaiseadh réadúil de mhargaíocht a dhéanamh ar a ngnólachtaí deiridh i Lárionad Siopadóireachta Swords Pavilions agus gné fúthu dá bharr ar Near FM!

### Meán Fómhair 2023

### Deireadh Fómhair 2023

*Leabharlann Norma Smurfit á dúnadh i gCearnóg an Mhéara agus tús leis an aistriú go spás i bhfad níos mó i nDuga Spencer. Gach seirbhís fós ag leanúint ar aghaidh ar líne.*

Seoladh an tuarascáil ón suirbhé maidir le bulaíocht in instiitiúidí ardoideachais.

An chéad uair de CNÉ páirt a ghlacadh san Oíche Chultúir – iarracht déanta ag an gcoláiste iomlán á comhordú ag an Tionscnamh Luathfhoghlama.

## Samhain 2023

*Tús curtha leis an obair ar CINNTE – athbhreithniú agus féinmheasúnú 5 bliana ar an gColáiste do QQI.*

bhronn Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath duaiseanna ar ainmnithe Rialú Misin Bhaile Átha Cliath do Haiceatón Aipeanna Idirnáisiúnta NASA an Spáis, sin an fhoireann ó haiceatón Bhaile Átha Cliath a gcuirfear a dtionscadal ar aghaidh le bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta. Dhear na Dublin Moonquakers aip le gníomhaíocht sheismeach ar an ngealach a thomhas agus a thuar, an cineál eolais lena gcuirfear bonn eolais ar fáil do Thionscadal Artemis, a mbeidh bonnáit ar an ngealach le socrú mar chuid de.

## Eanáir 2024

NATIONAL CHALLENGE FUND
#NextGenerationEU
#NationalChallengeFund

*Suíomh SharePoint á chruthú do CINNTE le go mbeadh teacht ag gach páirtí leasmhar i ngach cuid den Choláiste ar an gcáipéisíocht, agus fáilte á cur roimh cheisteanna agus nótaí.*

An tionscadal ESTA (Teiripe Urlabhra agus Theanga á feabhsú ag an IS) á chur chun cinn go sásúil go dtí céim 'an tsíl' den tionscadal, tráth a bhforbrófar ardán digiteach le nasc a chothú idir teiripeoirí urlabhra agus teanga taobh amuigh den chlinic.

## March 2024

*Compilation and design of Institutional Profile document commences.*

NCI was honoured to host the 32nd Euromicro International Conference on Parallel, Distributed, and Network-Based Processing (PDP 2024), including special guest and Turing Award winner, Jack Dongarra, and presenters and attendees from all across the globe. This event combined with recent research wins prompted Irish Tech News to look back on the Cloud Competency Centre 12 years after its formation.

## Márta 2024

*Tús curtha leis an obair chun doiciméad ar Phróifíl na hInstitiúide a chur le chéile agus a dhearadh.*

Ba mhór an onóir do CNÉ fáilte a chur roimh an 32ú Comhdháil Idirnáisiúnta a bhí ag Euromicro maidir leis an bPróiseáil Chomhuaineach, Dháilte agus Líonrabhunaithe (PDP 2024). I láthair mar chuid den chomhdháil bhí an t-aoi speisialta Jack Dongarra, a

Agus na doirse á n-oscailt san fhoirgneamh i nDuga Spencer, tá imeacht Earcaíochta Mac Léinn á reáchtáil ag an rannóg Margaíochta san fhoirgneamh úr, iad ag baint leas as saineolas comhghleacaithe i ngach cuid den Choláiste, Uachtarán CNÉ ar dhuine acu, le Lón éachtach Treoirchomhairleoirí a sholáthar, ócáid a bhí dírithe ar na scoileanna friothálacha atá againn chomh maith leis na scoileanna atá níos mó atá san abhantrach againn, scoileanna nach mbeadh ar an eolas, b'fhéidir, faoin méid a chuireann CNÉ ar fáil. Tá 7k duine á leanúint ar TikTok ag Donnchadh O'Mahoney (sa déimeagrafach cuí) faoin ainm @leavingcertguidance agus thaifead sé a thaithí féin ar an ócáid.

## Nollaig 2023

*Foireann na meithle CINNTE á cur ar bun le comhar a spreagadh ar obair thuairiscithe idir lámha.*

Bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn maoiniú faoin scéimForais Feasa Nua ar an Dr Nicole Gross don tionscadal Gealltanais agus Contúirtí IS ChatGPT don chúram sláinte: Dearcadh Ceartais Sonraí d'Éirinn.

## Feabhra 2024

*An suirbhé CINNTE á scaipeadh ar an bhfoireann iomlán*

hí tóir chomh mór sin ar an bhfeachtas Toiliú*Gníomhach a reáchtáil CNÉ anuraidh gur reáchtálamar arís é, dírithe ar phlé le Deireadh a Chur leis an bhForéigean Gnéasach agus Ciapadh.

## Feabhra 2024

*Coicís Comhairliuchán Foirne do Thuarascáil Féinmheasúnaithe Institiúide CINNTE*

San earrach, bronnadh cáilíocht ardoideachais den chéad uair in Éirinn ar dhaltaí dara leibhéal nuair a ghlac 70 dalta ó scoileanna i lár na cathrach thoir thuaidh lena dTeastais P-TECH.

bhfuil Gradam Turing buaite aige, chomh maith le láithreoirí agus toscairí ó gach cearn den domhan. Spreagadh a bhí san imeacht seo, in éineacht le héachtaí taighde le deireanas, ag Irish Tech News súil siar a chaitheamh ar an Lárionad Néal-Inniúlachta 12 bhliain ó cuireadh ar bun é.

## Meitheamh 2024

*Tús leis an obair ar ISER CINNTE.*

Clúdach ar Lá Bliantúil Taighde CNÉ in Irish Tech News. Clúdaíodh an cur i láthair a rinne an tOllamh Leo Casey agus Deirdre Tinnelly (An tIonad don Oideachas agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil in CNÉ nó CELL) faoi Fhéiniúlacht Ghairmiúil Múinteoirí i scoileanna sa Chambóid san iris PIKT Educational Research (Féiniúlacht Ghairmiúil do Mhúinteoirí Ciméaracha). Sa tseachtain chéanna, ghlac baill foirne ó CNÉ páirt i bhFéile CELL an Oideachais agus na Foghlama ar Feadh an tSaoil. I mbliana, leagadh béim ar an Teagasc ar mhaithe leis an Inbhuanaitheacht.

# NUACHT ÓN GCOLÁISTE

Is foras é CNÉ atá á mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas ó bhí Eanáir 2024 ann a fhaigheann maoiniú caidhpeáilte timpeall 20% dá ioncam reatha iomlán. Ní thiteann CNÉ faoi cheanglais iomlána tuairiscithe an Údaráis um Ard-Oideachais toisc nach bhfaigheann bunmhaoiniú poiblí, ach tá iarracht déanta i gcónaí ag an gColáiste an caighdeán tuairiscithe sin a bhaint amach.

HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

Cheap CNÉ Oifigeach Gaeilge in 2023 (Teresa Murray, Ceann Cumarsáide) agus chuir a chéad aighneacht faoi bhráid an Choimisinéara Teanga i mí an Mhárta 2024 i dtaca lena chaiteachas ar fhógraíocht. Is é an aidhm atá leis an reachtaíocht a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, forbairt a dhéanamh, ar bhonn eagraithe de réir a chéile, ar mhéid agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge. Mar aon leis an obair le go mbeimid ag cloí le fuarlitir an dlí, tá pleananna i bhfeidhm ag CNÉ le méadú a bhaint amach ar an méid Gaeilge a bhíonn á labhairt sa Choláiste, ón 1ú Seimeastar in 2024 ar aghaidh.

I measc na n-éachtaí eile a baineadh amach i réimse an TFC, d'aistrigh CNÉ go Windows 11 i mbliana, a bhuí leis an bhfoireann TF a thugann aire millteanach maith dúinn sa Choláiste!

Tá an-dul chun cinn ar fad déanta in CNÉ ar struchtúir forbartha clár nua agus struchtúir cinnteoireachta formheasa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, é sin go léir mar chuid de chreat ginearálta an Choláiste don Dearbhú Cáilíochta agus Rialachas Acadúil faoin bhFoghrúpa Feidhmiúcháin um Bainistiú Saolré Clár (PLM-ESG). Tá an grúpa i ndiaidh a léiriú go bhfuil sé in ann cíoradh a dhéanamh ar láidreacht moltaí i dtaobh cláir nua a fhorbairt, iad ag baint leas as doiciméid struchtúrtha mar bhonn eolais mar aon le cuir i láthair ó Stiúrthóirí Clár nó uathu siúd atá ag moladh na gclár. Ansin, tá léirithe ag an ngrúpa gur féidir leis cothromaíocht a aimsiú idir an fiúntas acadúil agus earcaíocht mac léinn, margaíocht agus impleachtaí níos ginearálta sa Choláiste ó thaobh acmhainní de, é sin ar fad i gcomhthéacs na dtosaíochtaí agus téamaí i bPlean Straitéiseach 2022-27 CNÉ.


National College of Ireland
Strategic Plan 2022-2027
National College of Ireland

Chuir CNÉ fáilte go fonnmhar roimh chruthú Oifig Threasach Náisiúnta an rialtais i mí Iúil 2023. Tá an Coláiste ag plé faoi láthair le forbairt cheannródaíoch comhpháirtíochta céimeanna tríú leibhéal le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, muid dírithe ar dheiseanna foráis ardoideachais a thabhairt do dhaltaí Ardteistiméireachta i scoileanna i Lár na Cathrach Thoir-Thuaidh, scoileanna a bhfuil an clár P-TECH (Conairí chun Teicneolaíochta) curtha i gcrích acu.

National Tertiary Office
Oifig Thrasachta Náisiúnta

Ós rud é gur aistríodh Leabharlann Norma Smurfit go dtí an t-áitreabh atá i bhfad níos mó i nDuga Spencer, cuireadh spás ar fáil chun Deasc Cabhrach Acadúil na Leabharlainne a fhorbairt agus a bhrandáil as an nua mar Ionad Tacaíochta Acadúla Leabharlann CNÉ, **agus tá an méid seo a leanas bainte amach dá bharr**:

**508**
coinne mac léinn

méadú **32%** ar 2022

**283**
coinne do mhic léinn idirnáisiunta

**56%** de choinní iomlána mac léinn

**101.5**
uair an chloig de ranganna

an chéad uair le breise agus **100** uair an chloig de ranganna a chur ar fáil
• **710** ríomhphost cúnaimh - méadú **42%** ar **2022**

**898**
doiciméad cúnaimh

méadú **30%** ar **2022**

**1,303**
cás d'idirphlé le mic léinn san iomlán

méadú **39%** i gcomparáid le **2022**

Aithníodh an obair chrua seo agus an tionchar mor ar mhic léinn **i nGradam Uachtarán CNÉ don tSármhaitheas san Oideachas** i mí na Nollag 2023.

Choinnigh CNÉ Gradam KeepWell Ibec agus ainmníodh an Coláiste i measc an 100 Cuideachta is Fearr don Fholláine. Dul chun cinn a rinneadh i mbliana sa Chomhionnas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ná gur seoladh Treoir don Mheanapás san Áit Oibre. Rinne grúpa oibre Athena Swan neart oibre i mbliana le hiarratas a chur isteach chun Gradam Cré-umha CNÉ a choinneáil.

Bhí an Coláiste ar an ngearrliosta i gceithre chatagóir sna Gradaim Oideachais: an Comhar is Fearr idir an Pobal agus an Saol Acadúil (cláir RCS), an Comhar Idirnáisiúnta is Fearr (Digital4Business), an Tionscadal Taighde is Fearr (TrainRDM), an Gradam don Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta (i gcomhar leis an bhFoireann TF ag baint leas as an digitiú agus as an uathoibriú le sreafaí oibre soláimhsithe a chruthú).

Thacaigh CNÉ le comhdháil tionscnaimh IPSON. Is í an Dr Amanda Kracen seo againne a dhéanann Líonra Oinceolaíochta Síceasóisialta na hÉireann a chomhordú, grúpa gairmiúil ildisciplíneach atá dírithe ar chúram ailse cothrom ardchaighdeáin in Éirinn. Tá gach ticéad don chomhdháil seo díolta cheana féin agus beidh foireann láidir ó CNÉ i láthair ann.

Tá CNÉ ina bhall de Chuibhreannas Nuála Réigiúnach Bhaile Átha Cliath ó bhí 2016 ann. Thug an Comhpháirtí Cinn in DRIC, an Dr Paul Maguire (Ceann na Nuálaíochta agus an Aistrithe Eolais in OTBÁC) seisiún ar an gComhar sa Taighde ar chuireadh ónár gCoiste Taighde mar chuid de Shraith maidir le hiarratais ar dheontais a scríobh.

I mí Feabhra 2024, chuaigh Scoil Ríomhaireachta CNÉ isteach in IAJES agus i líonra Kircher.

Tá an Lárionad Néal-Inniúlachta mar chuid de chuibhreannas uile-Eorpach, Digital4Security, a dhéanfaidh taighde le cláir Mháistreachta a ullmhú agus a sholáthar sa Chibearshlándáil.

Chuir CNÉ fáilte roimh Jorge Mario Cortes Mendoza, Ánra Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann 2023, isteach ar an bhfoireann sa Lárionad Néal-Inniúlachta.

Tugadh maoiniú don Tionscnamh Luathfhoghlama as a gClár Foghlama Teaghlaigh STEM Stretch .

Pictured: Dr Dónal Fullam, Assistant Professor at the Creative Futures Academy and UCD; Professor Paul Stynes, Dean of NCI's School of Computing; Dr Maxine Mackintosh, Genomics England/Turing Institute; Minister Simon Harris; Professor Gina Quin, President of NCI; Dr Kerry McCall Magan, British Council in Ireland; and Malcolm Love, Moderator.

Ar dtús i Seimeastar 1, bhí na duaiseanna agus an chomhdháil againn a tháinig as an Haiceatón anuraidh don Intleacht Shaorga ar son na Maithe Móire dar teideal Conas is féidir an Intleacht Shaorga a úsáid ar son na maithe móire? i gcomhar le Comhairle na Breataine agus tacaíocht ann ó KTI. D'oscail an tAire Simon Harris an ócáid agus thug an Dr Maxine Mackintosh ó Genomics England an spreagaitheasc. Bhí painéal cainteoirí ann a bhfuil ardmheas orthu as réimsí éagsúla de na hearnálacha tionsclaíochta, oideachas, ealaíon agus beartais.

Bhí ceithre pháipéar ag foireann teagaisc CNÉ in eagrán den Social Sciences Journal a bhí dírithe ar inscne a thuiscint agus an t-athrú sóisialta dearfach a chothú.

In 2023/24, thug CNÉ faoi thréimhse den fhéinmheasúnú spriocdhírithe mar ullmhúchán d'athbhreithniú 5 bliana QQI ar an institiúid faoi CINNTE. Ár bhfoireann QIE a thug ceannasaíocht ar an obair i gcomhar le grúpa oibre idir-rannach agus ag plé le páirtithe leasmhara sa Choláiste agus lasmuigh de. Deis a bhí ann ár bhFeidhmíocht Taighde a chíoradh agus tháinig staitisticí suimiúla chun cinn:

Ó 2018 go dtí an lá atá inniu ann, tá páirt glactha ag CNÉ i dtionscadail idirnáisiúnta taighde ar fiú €64m iad, a bhfuair CNÉ €5.9m den mhéid sin. Ina measc, bhí dhá thionscadal a bhain leis an Lárionad Néal-Inniúlachta, DIGITAL4Business agus DIGITAL4Security, arbh fhiú €40m agus €2.5m iad den mhéid a mhaoinigh HaDEA an CE.

Táthar tar éis 62 iarratas taighde (2018-2024*) a phróiseáil trí Choiste Eitice Taighde CNÉ.

**292** foilseachán le **160** Údar

**1.71** Tionchar an lua ualaithe de réir réimse

**4,820** lua

**292** Lua ar an meán an Foilseachán agus 24 H-Innéacs.

Maille leis na haschuir thaighde seo, bhí 143 foilseachán ag an Tionscnamh Luathfhoghlama ar chóras leictreonach taighde CNÉ (NORMA) ar a dtugtar aschuir thaighde ball foirne agus mac léinn. Is féidir breathnú ar an taighde ar fad ó thréimhse 5 bliana an athbhreithnithe ar an nasc seo.



Léirshamhlú ar ábhair thaighde CNÉ bunaithe ar 459 foilseachán atá in innéacs Scopus (2012-2022); Léirshamhlú á ghiniúint ag VOSViewer

Tá tuilleadh eolais i bPróifíl na hInstitiúide a cuireadh isteach i mí an Mheithimh. Cuirfear ár n-athbhreithniú ar CINNTE i gcrích i mí na Nollag 2024.

Mar chuid de Phlean Straitéiseach 2022-2027 CNÉ, thug an Coláiste gealltanas go ndéanfaí infheistíocht in athrú mór in acmhainní taighde agus nuála ar shlí a bheadh ag teacht go mór leis an ról faoi leith atá againn in earnáil an ardoideachais in Éirinn. Fágann sé seo go bhfuil timpeallacht dhearfach taighde ann agus, dá bharr, torthaí ceannródaíocha taighde, gur féidir linn baill foirne acadúla a mhealladh agus a choinneáil, agus caidreamh táirgiúil a chothú le fostóirí agus leis an tionsclaíocht go ginearálta. Beifear in ann an tionchar ón straitéis seo a rianú amach anseo mar gheall ar na huirlisí tuairiscithe atá curtha i bhfeidhm do CINNTE. Is féidir breathnú cheana féin ar an treocht do 2023 atá ag dul suas.



Taighde in CNÉ, an sciar d'fhoilseacháin de réir ceathairíl irise (Foinse:SciVal)
*Sonraí á n-asbhaint an 3 Aibreán 2024

# BÉIM AR DHUGA SPENCER

Tá an taighde agus na foilseacháin ar fad do 2023/24 ó bhaill foirne CNÉ ar fáil tríd an gcóras NORMA.

Agus an coláiste suite i gcroílár an Lárionaid Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, tá caidreamh láidir ag CNÉ leis an bpobal sa limistéar thoir thuaidh de Lár na Cathrach, go háirithe tríd an Tionscnamh Luathfhoghlama, atá lonnaithe sa choláiste agus, ina theannta sin, trí na cuideachtaí agus gnólachtaí éagsúla atá thart air.

National College of Ireland

*Campas Chearnóg an Mhéara*

NCI
NCI
3023

*Campas Dhuga Spencer*

## STRAITÉIS AGUS RÉAMHPHLEANÁIL

Tá fás go seasta i gcónaí ar an líon mac léinn ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann. Measadh beagnach deich mbliana ó shin go mbeadh ní ba mhó spáis do dhíth ar champas an Choláiste le go mbeifí in ann riachtanais a mhac léinn a shásamh. Ní bheifí in ann ach síneadh teoranta a chur leis an láithreán ar Chearnóg an Mhéara. Tá an-iomaíocht i gceist le spás a fháil sa cheantar thart ar CNÉ toisc gur Crios Forbartha Inbhuanaithe atá ann. Lean na hiarrachtaí ar aghaidh ar feadh beagnach 10 mbliana. Breathnaíodh ar lear mór réadmhaoine agus láithreán le féachaint an mbeidís oiriúnach.

An cás ab fhearr a bheadh ann ná tacht ar láithreán nó foirgneamh a bheadh siúlóid 15 nóiméad ar a mhéad ó Champas Chearnóg an Mhéara.

D'fhéach CNÉ ar fhoigneamh oifigí i mí na Nollag 2021 i nDuga Spencer, a bhí san am sin faoi úinéireacht an Bhainc Ceannais a bhí istigh san fhoirgneamh ansin. Bhíothas ar tí an foirgneamh a chur ar an margadh. Foirgneamh thar barr atá ann agus, thairis sin, níl sé ach 300 méadar ó champas Chearnóg an Mhéara, siúlóid 5 nóiméad.

Rinneadh Henry J Lyons Architects a choimisiúnú mar chuid de staidéar indéantachta le scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh an foirgneamh beartaithe riachtanais Choláiste Náisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh. Nuair a deimhníodh go mbeadh an foirgneamh oiriúnach, lean CNÉ ar aghaidh leis an bpróiseas.

## ACHOIMRE AR AN TIONSCADAL

I mí Mheán Fómhair 2022, cheannaigh CNÉ Bloc R, Bloc Spencer Thiar, foirgneamh oifigí 80,000 troigh chearnach. Ceapadh foireann deartha láithreach leis an bhfoirgneamh a fhorbairt go mbeadh sé oiriúnach dá fheidhm. Theastaigh Cead Pleanála don Athrú Úsáide agus bhí sé i gceist ag CNÉ cuid mhaith de na mionghnéithe feistithe ardleibhéil a choinneáil agus athearraíocht a bhaint astu.



*Roimh ré: an dúshlán a bhí ann ná an oireadh agus ab fhéidir a athúsáid agus, san am céanna, oifigí a athrú le go mbeadh campas fuinniúil oiriúnach dá fheidhm ann*

## AN ACHOIMRE DHEARAIDH

Achoimre ar Riachtanais

- 6 sheomra ranga a ghlacfadh le 60-80 duine i stíl cabaret.
- Spás leabharlainne agus staidéir 15,000 – 20,000 troigh chearnach, áiseanna staidéir do ghrúpaí san áireamh.
- Caifé agus spás sóisialta
- Éifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú.
- Cur chuige inbhuanaithe toisc go mbainfí athearraíocht as an oiread den fheistiú agus ab fhéidir.

*Ina dhiaidh: an radharc ar ghnáthsheomra ranga i nDuga Spencer, seirbhísí nochta ann, painéaladh acústach agus áiseanna closamhairc den chéad scoth.*

## LUACH CONARTHA AN TIONSCADAIL

An buiséad iomlán a bhí ann le hathearraíocht a bhaint as an bhfoirgneamh, costais cheannaigh as an áireamh, ná timpeall €7 milliún, mar gur baineadh a lán míreanna den chonradh toisc gur sholáthair CNÉ iad go díreach. Cheannaigh CNÉ an troscán ar fad ón mBanc Ceannais, bhain athearraíocht as, agus shealbhaigh troscán agus feistiúcháin ó chuideachtaí eile a bhí ag teacht leis an gclár inbhuanaitheachta. An costas deiridh as an bhfoirgníocht agus feistiú ná timpeall €7.3 milliún.



*Spencer Dock Entrance Lobby*

## FOIREANN AN TIONSCADAIL - CNÉ

Tuairiscíonn Grúpa Stiúrtha Dhuga Spencer don Ghrúpa Feidhmiúcháin agus don Bhord Rialaithe. Ba mhaith le CNÉ buíochas a ghabháil leis an mBord Rialaithe as bheith muiníneach as an nGrúpa Feidhmiúcháin gealltanas a thabhairt le leanúint ar aghaidh le ceannacht agus athoiriúnú an fhoirgnimh.

- An tOllamh Gina Quin, Uachtarán Choláiste Náisiúnta na hÉireann
- An Dr Donnchadh Ó Madagáin, an Stiúrthóir Airgeadais
- An tOllamh Jimmy Hill, Leas-Uachtarán
- Karen Jones, Cláraitheoir
- Bertie Kelly, Bainisteoir Tráchtála

*Cruinniú Bainistíochta Tionscadail i nDuga Spencer in áit atá mar chuid de chaifé na mac léinn anois (C-D): an tOllamh Jimmy Hill, Geraldine Minogue (Stiúrthóir Seirbhísí TFC CNÉ), an tOllamh Gina Quin, John Bright, Karen Jones, Mary Buckley (Leabharlannaí CNÉ), Bertie Kelly agus Donnchadh Ó Madagáin.*

*Is é Caifé CNÉ Dhuga Spencer baile Bakehouse Dublin faoi láthair, agus tá bia agus deochanna archaighdeáin ar fáil ann ar phraghsanna fóirdheonaithe.*

……

## FOIREANN DEARTHA AGUS SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AN TIONSCADAIL

**Bright Project Management** – John Bright
**Bertie Kelly** CNÉ
**Owen Delaney** CNÉ
**Henry J Lyons Architects** – Conor Galligan
**Interiors by SISK** - Aidan Berry
**O'Connor Sutton Cronin** – M&E Engineers Declan Barry
**Linesight** – Suirbhéirí Cainníochta – Tony Madden
**KPMG Future Analytics** – Sainchomhairleoirí Pleanála

> "Dúshlán mór a bhí sa tionscadal seo i dtaca leis na trí bhunchloch den bhainistíocht tionscadail, is iad sin an costas, an t-am agus an caighdeán. Ní bheifí in ann é a chur i gcrích ach ab é an comhar ó gach duine a bhí páirteach ann, go háirithe na treoracha soiléire ón gcoláiste, solúbthacht na gcliant, an dea-chumarsáid, an dearadh praiticiúil ó na hAiltirí agus na hInnealtóirí, an rialú costas a rinne an Suirbhéir Cainníochta agus an mhaoirseacht a rinne na hinnealtóirí dóiteáin agus na sainchomhairleoirí sábháilteachta. Caithfear aitheantas a thabhairt anseo don chomhar ó Rannóg Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus don dea-chomhairle a thug ár sainchomhairleoirí pleanála dúinn."
>
> **- John Bright ó Bright Project Management**

*Tá níos mó spásanna ar leithligh agus spásanna comhair ar fáil dár mic léinn in CNÉ Dhuga*

## COMHAR UILECHOITEANN

Bhí CNÉ an-soiléir sa treoir dhearaidh thosaigh agus níor imigh ón treoir sin. Ba thábhachtach dúinne cloí go docht leis an mbuiséad agus athearraíocht a bhaint as oiread agus ab fhéidir le go mbeimis ag cloí lenár gclár inbhuanaitheachta. Tugadh tús áite do chaitheamh airgid ar nithe a chuideodh linn astaíochtaí a laghdú agus cur le compord na mac léinn.

Buntáiste ollmhór a bhí ann go rabhamar ag obair le Henry J Lyons ón tús. Tá aitheantas faighte ag an gcuideachta as caighdeán a gcuid oibre i ngradaim éagsúla ón tionscal deartha agus ón tionscal foirgníochta. Tá clú orthu as a gcur chuige comhoibríoch. Ghlac siad leis an bhfís a bhí againn agus d'fhorbair siad foirgneamh ardtionchair a bhfuil mionghnéithe iontacha deartha ann.

D'fhostaigh CNÉ John Bright mar bhainisteoir neamhspleách an tionscadail ionas nach gcaillfí am ar bith. I gcás tionscadal chomh mór seo, éacht ar dóigh a bhí ann é a chur i gcrích agus muid gan ach moill cúpla seachtain ar an sceideal.

D'oibrigh SISK Interiors 6 lá sa tseachtain agus uaireanta breise i bhfeidhm acu le go gcloífeadh an tionscadal leis an sceideal. Chuir CNÉ córas i bhfeidhm ionas go mbeadh cinntí agus freagraí ann in am chun cloí le clár na hoibre.

*Féadfaidh mic léinn seomraí a chur in áirithe gan stró do thionscadal grúpa in CNÉ Dhuga*

## COMHAR TAOBH ISTIGH DE CNÉ

Rinne Foireann Saoráidí CNÉ (a bhfuil aitheantas faighte acu ó shin i nGradam an Uachtaráin) obair na gcapall in 2023, Cearnóg an Mhéara á riar acu go héifeachtach san am céanna a raibh Duga Spencer á ullmhú.

D'fhéach Foireann TFC CNÉ chuige go mbeadh Duga Spencer líonraithe agus ullamh le go mbeadh an dá fhoirgneamh ag feidhmiú mar aon champas amháin ó thaobh na nascachta de agus níor baineadh in am ar bith den aire a thug siad do bhaill foirne agus mic léinn CNÉ ó lá go lá.

Tá spás nua ar fáil anois i nDuga Spencer, trí huaire níos mó ná an t-achar tosaigh, do Leabharlann Norma Smurfit CNÉ. D'fhág sé sin, sa dara cuid de 2023, gur choinnigh siad na seirbhísí iasachta agus deisce cabhraí acadúla ar fad ar bun i rith an ama fad a bhí siad i mbun an trealamh i gCearnóg an Mhéara a chur i mboscaí agus a bhogadh go Duga Spencer.

## DÁTAÍ TOSAITHE AGUS CRÍOCHNAITHE

Cheannaigh CNÉ an foirgeamh ar an 30 Meán Fómhair 2022 agus chuir tús láithreach leis an obair ar iarratas pleanála le haghaidh 'athrú úsáide'. Cuireadh an t-iarratas pleanála faoi bhráid CCBÁC i mí Eanáir 2023 agus ceapadh an fhoireann deartha ag brath ar a dtiocfadh as an iarratas pleanála. Tugadh an cead pleanála i mí Aibreáin 2023 agus cuireadh tús leis an obair ar dhoiciméid tairisceana le conraitheoir a roghnú. Ceapadh SISK mar an príomhchonraitheoir.

Cuireadh tús leis an obair i mí Aibreáin 2023 agus tréimhse 25 seachtain leagtha amach don tionscadal. Bhí moill bheag ar an tionscadal toisc go raibh riachtanais bhreise ann leis an deimhniú sábháilteachta dóiteáin a shásamh agus tugadh an foirgneamh ar ais don chliant ar an 10 Deireadh Fómhair 2023. Bhí CNÉ ag obair i gcomhar leis na conraitheoirí agus osclaíodh an foirgneamh do mhic léinn ar an 16 Deireadh Fómhair 2023.

*Seomra boird Dhuga Spencer*

## SÁRMHAITHEAS SA TIONSCADAL

NCI and the design team have delivered a state-of-the-art campus building, including:

- a new library of almost 23,000 sq foot (three times the size of the previous library!) housing an academic support centre, group study suites, silent study, recording studio, maker space and collaboration space;
- increased accessibility including extensive availability of a hearing loop in teaching spaces;
- flexible learning spaces, with high acoustic performance, integrated AV/IT, including folding walls that can increase or decrease classroom size – with no compromise on acoustics when used as two smaller rooms;
- a new home base for our Early Learning Initiative;
- a student café on the top floor with fantastic views back over the IFSC;
- 2 staff kitchenettes, stocked with tea, coffee, fruit, biscuits.
- 2 staff meeting rooms and a board room.
  all within a 5-minute walk of Mayor Square.

*Cistinéad Foirne*

## NBHUANAITHEACHT

Bhí an inbhuanaitheacht fite fuaite sa tionscadal seo ón tús, an fhoireann ag obair leis an bhfoirgneamh mar a bhí agus ag iarraidh athúsáid/athearraíocht a bhaint as rudaí nuair ab fhéidir: dúshlán don Fhoireann Deartha a bhí ann, ach bhí siad in ann ag an dúshlán céanna.

Tá uasghrádú suntasach déanta san fhoirgneamh ar threalamh agus gléasra. Cuireadh LED isteach sna soilse ar fad, caidéil níos éifeachtúla agus aerchóiriú leis an rátáil éifeachtúlachta a mhéadú ó BER B3 go B2.

Faigheann CNÉ a leictreachas ar fad ó Fheirm Ghaoithe Leacáin i Sligeach trínár soláthraí Pinergy.

*Feirm Ghaoithe Leacáin*

“ Dul chun cinn ollmhór é an spás nua leabharlainne – bíonn an spás ciúin staidéir ciúin anois. Is maith liom an dóigh go bhfuil níos mó spásanna réchúiseacha ann fosta, áiteanna ar féidir liom labhairt le cairde liom chomh maith le seomraí cruinnithe do na tionscadail i ngrúpaí, atá níos dáiríre. Agus seans nach gcreidfeá go dtiocfadh athrú ar an dearcadh atá agat ar chúrsaí mar gheall ar an radharc, ach tagann: bíonn an foirgneamh go nádúrtha geal, braithim, fiú ar laethanta gruama agus spreagadh thar barr é go bhfuil an oiread den chathair le feiceáil ann anois.”

**- Kaitlin Moore, 2ú bliain, BSc (Onóracha) sa Ríomhaireacht**

> “Téann sé chun tairbhe dúinn ar fad an oiread seo spás breise a bheith againn, a theastaigh go géar uainn, ach ba mhaith liom a lua go speisialta chomh fiúntach atá sé go bhfuil spásanna oibre agus cumarsáide ar leithligh againn anois do mhic léinn agus baill foirne. Tá mic léinn in ann a gcuid staidéir a dhéanamh anois i spásanna difriúla foghlama, bíodh sé sin spásanna oscailte le haghaidh comhair nó i seomraí staidéir iomlán feistithe”.”
>
> **Mary Buckley, Leabharlannaí**

## TIONSCNAMH LUATHFHOGHLAMA

### ELI in Numbers:

**19,860**
Duine Páirteach

**(96%, n=2,535)**
Táscaire Sástachta

**(90%, n=2,135)**
Táscaire Foghlama

**9,387**
Parents Engaged

**209** Volunteers Engaged

**33**
Comhpháirtí Corparáideach ag tacú

**323**
Cruinniú Idirghníomhaireachta

**16,533**
Cuairt Bhaile

Sheol an Tionscnamh Luathfhoghlama Staidéar Indéantachta na Comhghuaillíochta Cuartaíochta Baile faoin gclár rialtais What Works ar an Lá Náisiúnta Cuartaíochta Baile.

Ceann de na chéad dualgais oifigiúla a rinne James Geoghegan mar Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath ná gur fhreastail sé ar Bhronnadh na Céime mar chuid de chlár an Tionscnaimh Luathfhoghlama ‘Discover University’.

*Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, James Geoghegan, le daoine ón Tionscnamh Luathfhogh*

## AN GHNÉ IDIRNÁISIÚNTA

**2122**
Líon Iomlán na Mac Léinn

**24** clár éagsúil
**105** ar Chláir Fochéime (10 gclár)
**89** ar Chláir Ard-Dioplóma (1 chlár amháin)
**1928** ar Chláir Mháistreachta (13 chlár)

**592**
An Scoil Ghnó

**1530**
Scoil na Ríom-

---

**55**
náisiúntacht éagsúil astu
seo a leanas:

**1**
an Albáin

**2**
Meiriceá

**3**
An Airgintín



**2**
AN ASARBAISEÁIN

**4**
AN BHANGLAIDÉIS

**10**
An Bholaiv

**1**
AN BHOTSUÁIN



**73**
An Bhrasaíl

**3**
Burma

**1**
AN BHURÚIN

**1**
CAMARÚN

**1**
CAMARÚN

**6**
An Téaváin



**56**
An tSín

**6**
An Cholóim

**2**
Cósta Ríce

**1**
an Éigipt

**4**
AN tSALVADÓIR

**1**
An tSeoirsia

**1**
Gána



**1515**
An India

**2**
An Indinéis

**1**
an Iaráin

**1**
AN CÓSTA EABHAIR



**1**
AN tSEAPÁIN

**1**
An Iordáin

**4**
an Chasacstáin

**9**
an Chéinia

**9**
An Chóiré Theas

**1**
an Liobáin

**1**
Leosóta

**1**
an Libéir

**1**
An Mhaláiv

**10**
An Mhalaeisia

**48**
Meicsiceo

**8**
An Mhongóil

**1**
Neipeal

**101**
An Nigéir

**66**
An Phacastáin

**2**
Panama

**4**
Paragua

**1**
Peiriú

**3**
Na hOileáin

**2**
An Rúis

**1**
Singeapór

**4**
An Afraic Theas

**8**
Srí Lanca

**1**
An Téalainn

**90**
An Tuirc

**4**
Uganda

**1**
Uragua

**1**
an Úisbéiceastáin

**8**
Vítneam

**1**
Éimin

**2**
An tSiombáib

2023
#NCIGrad2023

# EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Bronnadh onóir ar Aontas na Mac Léinn in CNÉ le linn na nGradam d'Éachtaí Mac Léinn in Éirinn, nuair a bronnadh gradam foirne orthu mar Aontas Mac Léinn na Bliana (beag) chomh maith le gradam pearsanta a bronnadh ar Rachel Gosker mar Oifigeach Páirtaimseartha na Bliana

Cuireadh aoibhneas bhronnadh na céime siar, ach níor chailleamar misneach. Bhí na réamhchéimithe seo ar an gcéad dream ar tugadh crann mar bhronntanas dóibh, mar pháirt de chomhar CNÉ le Tree-Nation.

Welcome to
NATIONAL COLLEGE
OF IRELAND
GRADUATION CEREMONY
2023
CIGrad2023

Reáchtáladh an tríú Féile Glactha le hUathachais i mí an Mhárta. CNÉ a bhí taobh thiar den Fhéile agus a threoraigh í, agus páirteach sa chlár bhí OCBÁC, OTA Shligigh, Coláiste CCT, IT Dhún Dealgan agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Le linn na féile, chonacthas saothar ealaíne néara-éagsúil ó mhic léinn i ngach Institiúid Ardoideachais a bhí párteach. Bhí na cainteoirí is fearr ann le labhairt ar ábhair mar an chruthaitheacht, cleachtais ionchuimsitheacha teagaisc agus foghlama, socruithe réasúnta san obair agus taithí ag daoine a bhfuil uathachas orthu teacht ar chúram sláinte.

Thosaigh Julie Power, Oide Tacaíochta Ríomhaireachta, Club Códúcháin do Mhná i mbliana chun tuilleadh ban a spreagadh chuig réimse na teicneolaíochta. Tá Bainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta CNÉ ag tacú leis an tionscnamh seo.

I liosta Onóracha na nDéan/an Stiúrthóra, tugtar aitheantas do mhic léinn atá i ndiaidh torthaí thar barr ar fad a bhaint amach, is é sin grád iomlán 70% nó os a chionn a bhaint amach sa bhliain acadúil. Is mór an teist ar dhúthracht ár mac léinn go n-éiríonn leis an oiread sin acu an grád seo a bhaint amach. Is féidir liosta iomlán na ndaoine ar tugadh aitheantas dóibh a léamh ar ár suíomh gréasáin.students experiencing the 'real world' of Pavilions SC and media experience being interviewed on Near FM.

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Tá na ráitis airgeadais iomlána ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Sráid an Mhéara, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1.

G: www.ncirl.ie | F: 01 4498500 | R: info@ncirl.ie